Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

# Scéim na Gaeilge don Fhoras Taighde ar Oideachas

# 2025-2028

# Clár

Réamhrá ... 3
Cúlra ... 3
Ullmhúchán ... 3
Dáta tosaithe na Scéime ... 3
Forléargas ar an FTO ... 4
Ár Misean, Ár bhFís agus Ár Luachanna ... 4
Ár misean ... 4
Ár bhfís ... 4
Ár luachanna ... 4
Príomhsheirbhísí don phobal, do chustaiméirí, agus do chliaint ... 6
Soláthar Seirbhísí i mBéarla amháin nó go Dátheangach ... 6
Soláthar Reatha Seirbhísí ... 6
Gníomhartha faoin Scéim seo ... 8
Feabhsú soláthar Seirbhísí Gaeilge i Limistéir Ghaeltachta ... 11
Feabhsú Cumas Teanga ... 11
Earcaíocht agus Forbairt Foirne ... 11
Monatóireacht agus Athbhreithniú ... 12
Foilsiú ... 13

# Réamhrá

## Cúlra

Seo í an chéad Scéim na Gaeilge de chuid an Fhoras Taighde ar Oideachas (FTO) agus feidhmeoidh sí don tréimhse 2025-2028. Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla;

agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go gcuirfear aon tseirbhís nach soláthraíonn an FTO faoi láthair trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

Táimid tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtach agus chúirtéiseach a sholáthar don phobal d'fhonn ár seirbhís a mheas agus a fheabhsú le himeacht ama.

## Ullmhúchán

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar Phlean Náisiúnta na Seirbhísí Poiblí Gaeilge 2024 agus ar threoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá an FTO treoraithe ag an bprionsabal gur cheart soláthar seirbhísí Gaeilge a bhunú ar:

- leibhéal bunaidh an éilimh ar shainseirbhísí i nGaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach maidir lena leithéid de sheirbhísí a sholáthar; agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus acmhainn an FTO an cumas teanga atá de dhíth a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Ceapadh an scéim agus é mar aidhm a chinntiú go ndéanfaidh an FTO gach dualgas ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh go hiomlán de réir a chéile, tríd an scéim seo agus scéimeanna amach anseo.

## Dáta tosaithe na Scéime

Seolfar an dréacht-Scéim seo chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tosóidh sí ó 26/02/2025 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndeimhneofar scéim nua, cibé acu is déanaí.

# Forléargas ar an FTO

Is institiúid taighde poiblí í an Foras Taighde ar Oideachas (an 'FTO') atá tiomanta do thaighde oideachais a chur chun cinn agus bonn eolais a chur faoi pholasaí a fheabhsaíonn cáilíocht agus cothromas an oideachais in Éirinn.

Bunaíodh an FTO ar dtús i 1966 i gColáiste Phádraig (atá anois mar chuid d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath), Droim Conrach. I mí Mheán Fómhair 2015, bunaíodh an FTO mar chomhlacht reachtúil ainmnithe de chuid na Roinne Oideachais faoi Alt 54 den Acht Oideachais (1998). Maoinítear an FTO trí dheontas ón Roinn Oideachais agus trí dhíolacháin trialacha caighdeánaithe do scoileanna.

Tá cuspóir na heagraíochta leagtha amach i reachtaíocht bhunaithe an FTO (SI 392/2015), mar seo a leanas:

a) Seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais a chuirfidh ar a gcumas a n-oibleagáidí faoi Alt 9 den Acht Oideachais 1988 a chomhlíonadh; agus
b) Taighde neamhspleách a dhéanamh ar gach gné den oideachas agus ar gach leibhéal den chóras oideachais, lena n-áirítear taighde oideachais a chuirfidh eolas ar fáil do cheapadh beartais agus feabhsú caighdeán oideachais.

## Ár Misean, Ár bhFís agus Ár Luachanna

## Ár misean

Is é Misean an FTO ná torthaí foghlama a fheabhsú do gach scoláire trí thaighde ardcháilíochta a dhéanamh agus trí uirlisí measúnaithe éifeachtacha a fhorbairt a thacóidh le foghlaim níos fearr agus a bheidh mar bhonn eolais do pholasaí.

Mar ráiteas bunúsach, féachann ár misean le tiomantas an FTO do thaighde a léiriú, eolas a chur chun cinn, agus léargais a sholáthar a éascaíonn feabhsú cleachtais agus polasaithe oideachais.

## Ár bhfís

Is í ár bhfís, agus sinn ag oibriú i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, ná torthaí oideachais a bharrfheabhsú don chead ghlúin eile trí thacú le scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus an uile dhuine a bhfuil baint acu le forbairt polasaí/curaclaim chun an turas foghlama a thuiscint agus a threorú níos fearr

Inár bhfís, aithnítear an FTO mar ghuth údarásach ar ghnóthachtáil scoláirí agus ar thaighde oideachais.

## Ár luachanna

Tá sé tábhachtach go mbeadh muinín ag ár Roinn maoinithe agus ag ár bpáirtithe leasmhara as ár gcumas ár gcuid oibre a dhéanamh agus na leibhéil is airde ionracais agus oibiachtúlachta a choinneáil. Cuireann ár luachanna ar chumas páirtithe leasmhara an muinín seo a bheith acu. Le chéile, treoraíonn na luachanna seo an FTO chun a misean a chomhlíonadh ar mhaithe le scoláirí, oideachasóirí, agus an

earnáil oideachais i gcoitinne. Tá na luachanna seo a leanas aitheanta againn a threoróidh ár gcuid oibre thar thréimhse na straitéise seo:

| |
|---|
| **Cáilíocht** - Táimid tiomanta do shármhaitheas. Cinntímid go bhfuil ár dtaighde críochnúil, cruinn agus iontaofa. |
| **Tionchar** - Tá sé mar aidhm againn difríocht mhór a dhéanamh lenár dtaighde. Teastaíonn uainn go dtacóidh ár gcuid oibre le lucht déanta polasaí agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do dhíospóireacht phoiblí. |
| **Neamhspleáchas** - Déanaimid taighde agus tuairiscímid torthaí go hionraic, go neamhchlaonta, agus gan tionchar míchuí, ag cinntiú creidiúnacht agus iontaofacht ár gcuid oibre. |
| **Meas** – Tá meas againn ar dhearcthaí, ar chultúir agus ar chúlraí éagsúla, agus léirímid dínit, cineáltas agus tuiscint don uile dhuine i dtimpeallacht chuimsitheach agus ómósach. |
| **Obair bhuíne** - Comhoibrímid le daoine eile, ag cothú cultúr cumarsáide oscailte agus comhthacaíochta inár gcuid oibre. |

## Príomhsheirbhísí don phobal, do chustaiméirí, agus do chliaint

Bíonn an FTO ag plé leis an bpobal trína ghníomhaíochtaí taighde éagsúla (m.sh. obair allamuigh, foilseacháin taighde, imeachtaí comhdhála). Bímid ag idirghníomhú freisin le grúpaí éagsúla agus le baill aonair den phobal a bhfuil suim acu inár ngníomhaíochtaí agus i dtaighde oideachais. Is iad seo a leanas príomhbhonn cliant agus custaiméirí an FTO:

- An Pobal i gCoitinne, lena n-áirítear tuismitheoirí agus daltaí
- An Earnáil Oideachais Fhoirmiúil (Scoileanna agus lárionaid oideachais)
- An Roinn Oideachais agus comhlachtaí poiblí eile
- Taighdeoirí
- Pobail ar líne

Tuigimid freisin go bhfuil custaiméirí inmheánacha againn lena n-áirítear ár bhfoireann, foireann bhuan agus foireann shealadach araon.

# Soláthar Seirbhísí i mBéarla amháin nó go Dátheangach

Nuair a bhíonn an FTO ag idirghníomhú leis an bpobal, déantar é sin go príomha trí chomhfhreagras poist agus ríomhphoist, gutháin, suíomh gréasáin agus cuairteanna de réir coinní. Cinntíonn an éagsúlacht modhanna cumarsáide ilfheidhmeach agus solúbtha dár gcustaiméirí chun a chinntiú go bhfaigheann siad an tseirbhís atá de dhíth orthu ar an mbealach is oiriúnaí.

Is trí mheán an Bhéarla go príomha a chuireann an FTO a sheirbhísí ar fáil dá phríomhpháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne.

Déanfaimid ár ndícheall idirghníomhú trí mheán na Gaeilge ar iarratas. Mar sin féin, toisc an nádúr teicniúil a bhaineann le cuid den téarmaíocht a úsáidtear i dtaighde oideachais, in amanna b'fhéidir go mbeadh orainn idirghníomhú trí Bhéarla. D'fhéadfadh go mbeadh gá leis seo chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a chinntiú inár gcumarsáid.

### Soláthar Reatha Seirbhísí

| Seirbhísí | i mBéarla Amháin | go Dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge |
|---|---|---|
| Fáiltiú | | Tá an fhoireann fáiltithe ag príomhdheasc an FTO dátheangach. |
| Glaonna Gutháin | | Dátheangach – freagróidh ár bpríomhdheasc fáiltithe i nGaeilge, nuair a iarrtar sin. |

| | | |
|---|---|---|
| Litreacha | | Freagraítear gach cumarsáid scríofa neamhghinearálta sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. |
| Ríomhphoist | | Freagraítear gach cumarsáid scríofa neamhghinearálta sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.<br>I mBéarla agus i nGaeilge a léirítear na sonraí teagmhála agus an séanadh ag deireadh gach ríomhphoist ón FTO. |
| Stáiseanóireacht | | Tá ainm an FTO léirithe i nGaeilge agus i mBéarla araon ar ár lógó agus ar gach stáiseanóireacht. |
| Comharthaíocht | | Tá an chomharthaíocht lasmuigh dár bhfoirgneamh ar champas Naomh Pádraig in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath dátheangach, i gcomhréir le IRI 391/2008. |
| Foilseacháin | | Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla agus doiciméid Straitéise an FTO i nGaeilge agus i mBéarla.. |
| Suíomh Gréasáin | Tá ár suíomh gréasáin reatha ar fáil i mBéarla go príomha. Tá próiseas ar bun chun ár suíomh gréasáin a uasghrádú. | |
| Ríomh-Nuachtlitir | | Eisítear ár nuachtlitir i mBéarla agus i nGaeilge araon. |
| Cuairteoirí Pearsanta chuig ár n-oifigí | | Níl ár n-oifigí oscailte don phobal. Iarrtar ar bhaill den phobal coinne a dhéanamh roimh ré chun a chinntiú go mbeidh ball foirne ábhartha leis an saineolas riachtanach i láthair. Áirítear leis seo faisnéis a sholáthar i nGaeilge. |
| Meáin Shóisialta | | De ghnáth, is i mBéarla go príomha a bhíonn na bealaí meán sóisialta (Instagram, LinkedIn agus X, Twitter roimhe seo) in úsáid. Freagraítear gach cumarsáid neamhghinearálta meán |

| | | |
|---|---|---|
| | | sóisialta leis an FTO sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. |
| Preas | Mar ghnáthnós, is i mBéarla amháin a eisítear preasráitis. | |

## Gníomhartha faoin Scéim seo

Le linn na tréimhse 2025 go 2028, beidh roinnt gníomhartha á ndéanamh ag an FTO:

| Modh cumarsáide leis an bpobal | | Tiomantas | Amlíne |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid ó Bhéal / i Scríbhinn | Fógra Béil Taifeadta | Beidh na fógraí béil taifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach<br>(a) Fógraí béil taifeadta a chuirtear ar an nguthán nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;<br>(b) Fógraí béil taifeadta a chruthaítear agus a tharchuirtear trí chóras teachtaireachtaí ríomhairithe nó córas freagartha gutháin ríomhairithe. | 2025 |
| | Litreacha agus Ríomhphoist | Tabharfar freagra ar gach cumarsáid scríofa sa teanga oifigiúil ina bhfaightear í. | Leanúnach |
| | Stáiseanóireacht | Cuirtear ceannteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, bileoga clúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin, lipéid agus clúdaigh eile, ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. | Leanúnach |
| | Príomhfhoilseacháin | Foilsíonn an FTO a Thuarascálacha Bliantúla, a chuntais agus a dhoiciméid Straitéise i nGaeilge agus i mBéarla. | Leanúnach |
| | Logainmneacha sa Ghaeltacht | Úsáidfidh an FTO logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta. | Leanúnach |
| | Fáiltiú | Más mian le ball den phobal labhairt le duine i nGaeilge, déanfaidh ár bhfoireann fáiltithe teagmháil leis an duine cuí . | Leanúnach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Úsáideann ár bhfoireann fáiltithe ainm na heagraíochta i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an fhoireann seo eolach ar bheannachtaí i nGaeilge agus is féidir leo baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le ball foirne a labhraíonn Gaeilge. | Leanúnach |
| | Cumarsáid Gutháin | Tá an teachtaireacht taifeadta lasmuigh d’uaireanta oibre ar ár bpríomhlíne gutháin i nGaeilge agus i mBéarla. | Leanúnach |
| | Fógraí beo | Ní úsáidtear fógraí beo, ach má bhíonn gá lena leithéid ina riachtanas seirbhíse amach anseo, cinnteofar go bhfuilimid i gcomhréir leis an reachtaíocht. | Leanúnach |
| | Bileoga agus bróisiúir eolais | Cuirtear bróisiúir agus bileoga eolais don phobal i gcoitinne ar fáil sa dá theanga. | Leanúnach |
| | Foirmeacha iarratais | Tá gach foirm iarratais ar fáil go dátheangach. | Leanúnach |
| | Seirbhís Duine le Duine | Ní sholáthraítear ach seirbhís duine le duine/ag an gcuntar ag ár bpríomhdheasc fáiltithe. Tá foireann ag an deasc fáiltithe seo a labhraíonn Gaeilge. Is féidir lenár ndeasc fáiltithe ainmneacha teagmhála agus uimhreacha sínte na foirne atá ar fáil a sholáthar freisin chun déileáil le fiosrúcháin trí mheán na Gaeilge. | Leanúnach |
| Gaeltacht | Cruinnithe agus Gníomhaíochtaí Taighde | Is trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach a dhéanfar aon chruinnithe nó gníomhaíochtaí taighde i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna lán-Ghaeilge, agus cuirfear an doiciméadacht ghaolmhar ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. | Leanúnach |
| TF | Ríomhphoist | De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, freagraítear i nGaeilge aon ríomhphoist a fhaightear i nGaeilge. Beidh teachtaireachtaí lasmuigh d’uaireanta oifige agus teachtaireachtaí uathoibríocha dátheangach. Tá seoladh ríomhphoist bunaithe chun déileáil le ceisteanna i nGaeilge: gaeilge@erc.ie | Leanúnach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Suíomh Gréasáin | Beidh gach admháil uathoibríoch ar chomhfhreagras tríd ár suíomh gréasáin i mBéarla agus i nGaeilge araon. | Leanúnach |
| | | Déanfar ár suíomh gréasáin a athfhorbairt chun faisnéis a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. | 2026 |
| | Seirbhísí Idirghníomhacha | Níl aon seirbhísí idirghníomhacha i bhfeidhm ag an FTO faoi láthair. Cuirfear aon seirbhísí idirghníomhacha nua ar fáil sa dá theanga ag an am céanna nuair is iomchuí. | 2026 |
| Fógraíocht, Rannpháirtíocht sna Meáin agus le Páirtithe Leasmhara | Urlabhraí | Beidh urlabhraí/urlabhraithe a labhraíonn Gaeilge ar fáil le haghaidh agallaimh leis na meáin chumarsáide Gaeilge (faoi réir infhaighteacht pearsanra tráth an iarratais). | 2026 |
| | Preasráitis agus foláirimh nuachta | Táimid tiomanta 25% de na preasráitis a eisítear a aistriú go Gaeilge gach bliain. Tá sé mar sprioc againn an t-ábhar seo a eisiúint ag an am céanna. | 2025 |
| | Nuachtlitir | Foilsítear ár nuachtlitir, *eolas ón FTO*, i nGaeilge agus i mBéarla. | 2025 |
| | Óráidí | Cuirfear ábhar i nGaeilge san áireamh in óráidí a thabharfar i mBéarla. Áireofar san ábhar sin beannachtaí ag an tús agus ag an deireadh i nGaeilge, agus tagairt d'ábhar aon óráidí dá leithéid sin agus/nó don ócáid ar leith, ar a laghad. | 2025 |
| | Meáin Shóisialta | Beidh an t-ábhar go léir a uaslódálfar ar na meáin shóisialta dátheangach. | 2026 |
| | Fógraíocht | (a) beidh 20% ar a laghad d'aon fhógraíocht ón FTO in aon bhliain ar leith i nGaeilge; agus<br>b) úsáidfear 5% ar a laghad d'aon airgead a chaitheann an FTO ar fhógraíocht in aon bhliain ar leith don fhógraíocht i nGaeilge trí na meáin chumarsáide Gaeilge. | 2025 |

## Feabhsú soláthar Seirbhísí Gaeilge i Limistéir Ghaeltachta

Níl oifigí ag an FTO i limistéir Ghaeltachta. Mar atá luaite thuas, nuair a bhíonn baint ag ár ngníomhaíochtaí taighde le scoileanna nó le lárionaid oideachais i limistéir Ghaeltachta, a oiread agus is féidir úsáidtear taighdeoirí a bhfuil Gaeilge líofa acu.

# Feabhsú Cumas Teanga

## Earcaíocht agus Forbairt Foirne

Is é an príomhbhealach ina ndéanfar seirbhísí trí mheán na Gaeilge a bharrfheabhsú ná trí fhoireann le cumas teanga cuí a earcú. Tabharfar aird inár straitéis earcaíochta ar an ngá atá le feabhas a chur ar chumas Gaeilge de réir a chéile. Cuirfear gach ball foirne nua ar an eolas faoi Scéim na Gaeilge le linn a n-oiliúint ionduchtaithe chun a chinntiú go dtuigeann siad ár ngealltanais faoi réir na reachtaíochta.

Ag féachaint do pholasaí an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí i nGaeilge, sainaithneoidh an FTO gach post a bhfuil cumas Gaeilge riachtanach dóibh. Déanfar gach iarracht na ceanglais seo a chomhlíonadh laistigh de thréimhse ama na scéime seo agus aird á tabhairt ar pholasaithe earcaíochta, ardú céime agus oiliúna, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh sé seo ar chumas an FTO feabhsú seirbhísí Gaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta de réir a chéile agus ar bhealach níos straitéisí.

Tá an FTO tiomanta do dheiseanna a sholáthar do bhaill foirne chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, ach na hacmhainní a bheith ar fáil. Cuirfear comhairle ar gach ball foirne faoi áiseanna/deiseanna chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.

| Earcaíocht agus Forbairt Foirne | | Tiomantas | Amlíne |
|---|---|---|---|
| Feabhsú Cumas Gaeilge | Earcaíocht | Spreagfar earcaíocht bhaill foirne nua le líofacht Ghaeilge sna rannóga ábhartha. Cuirfear baill foirne nuacheaptha ar an eolas ina n-oiliúint ionduchtaithe faoinár Scéim na Gaeilge lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht. | 2025 |
| | | Beidh an Ghaeilge ina thréith inmhianaithe i ngach feachtas earcaíochta amach anseo. Sainaithneofar freisin aon phoist inar cheart scileanna Gaeilge a mheas mar riachtanas dóibh. Eiseofar fógraí earcaíochta seachtracha agus fógraí comórtais inmheánacha i nGaeilge agus i mBéarla. Cuirfear in iúl freisin, i nGaeilge, go nglacfar le hiarratais i nGaeilge. | 2025 |

<table>
<tr><td rowspan="5"></td><td></td><td>Fógrófar folúntais poist atá dírithe ar phobal na Gaeilge i nGaeilge ar shuíomhanna gréasáin agus ar na meán sóisialta.</td><td>2025</td></tr>
<tr><td>Oiliúint / Soláthar acmhainní</td><td>Beidh béim mhór ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ár bhfoirne, lena n-áirítear cúrsaí a mhaoiniú do bhaill foirne reatha ar mian leo a scileanna labhartha agus scríofa i nGaeilge a fheabhsú. Cuirfear deiseanna ar fáil do bhaill foirne a gcumas sa Gaeilge a fhorbairt agus tacóidh foireann AD an FTO le haon bhall foirne ar mian leo a gcumas Gaeilge a fheabhsú.<br>Tá sé mar aidhm:<br>• tacú le baill foirne a gcumas Gaeilge (ó bhéal agus i scríbhinn) a chothabháil agus a fhorbairt; agus<br>• cumas na foirne a fheabhsú chun dualgais i leith na Gaeilge a chomhlíonadh agus iad i mbun a gcuid dualgas.</td><td>2025</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn</td><td>Spreagfar baill foirne chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus teanga. Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí atá ar fáil.</td><td>2025</td></tr>
<tr><td>Cuirfidh an FTO ár ngníomhaíochtaí taighde agus trialacha caighdeánaithe chun cinn ag comhdhálacha agus imeachtaí ábhartha atá tiomnaithe don teanga agus don oideachas.</td><td>2026</td></tr>
<tr><td>Tionscnaimh Eile</td><td>Rannpháirtíocht Shóisialta</td><td>“Cupán Caife” - Bíonn maidin caife neamhfhoirmiúil ag baill foirne an FTO trí mheán na Gaeilge gach ráithe.</td><td>2025</td></tr>
</table>

# Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh foireann Rialachais agus Seirbhísí Corparáideacha an FTO agus Bord an FTO monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na scéime. Is féidir ceisteanna faoi Scéim na Gaeilge a sheoladh trí ríomhphost chuig gaeilge@erc.ie. Beidh fáilte roimh aiseolas, ceisteanna agus fiosrúcháin faoin scéim agus úsáidfear iad chun Scéimeanna Gaeilge a cheapadh amach anseo.

Déanfar monatóireacht ar iarratais ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge agus tuairisceofar orthu inár dTuarascáil Bhliantúil.

## Foilsiú

Foilseofar an scéim seo go hinmheánach agus go seachtrach. Cuirfear an scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin, agus scaipfear í ar an bhfoireann go léir, sa dá theanga. Féadfar bealaí eile a úsáid ó am go ham chun an scéim a chur in iúl.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.